AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Roinne RCBÁC Thuaidh-Lár 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

## Brollach Oifigeach na Roinne



Tá áthas orm Plean Póilíneachta Roinne an Gharda Síochána 2023 a chur i láthair do Roinn Chathrach Bhaile Átha Cliath (Thuaidh-Lár).

Léirítear sa phlean póilíneachta seo ár dtiomantas d'íospartaigh leochaileacha na coireachta, an fhoréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh. Ba mhaith liom a chur ina luí orthu go mbeimid in ann misean ár n-eagraíochta a chomhlíonadh maidir le daoine a choinneáil sábháilte.

Leanann saincheisteanna maidir le drugaí, ord poiblí agus caighdeán na beatha le tionchar a imirt ar shaol daoine i Lár na Cathrach Thuaidh. Leanfaimid ag oibriú lenár bpobail le tionchar an iompair agus na gcionta seo ar na pobail siúd a laghdú.

Leanfar ag tacú le Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) trí Ghardaí infheicthe a bheith i láthair sa mhullach ar ár n-obair le bord um chur i bhfeidhm an chláir agus leis an bhfoghrúpa póilíneachta breisithe.

Roghnaíodh Lár na Cathrach Thuaidh mar cheann de na trí Roinn do Chlár Píolótach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail (CSP), faoi mar a mholtar i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Táim ag tnúth le rannpháirtíocht dhearfach agus oibriú i gcomhar leis an CSP agus a bhallraíocht le pobal níos sábháilte a sholáthar.

Is mian liom a dhearbhú do phobal Lár na Cathrach Thuaidh go ndéanfaidh m'fhoireann agus mé féin dícheall freastal ar riachtanais phóilíneachta bhur bpobail.

Bainfear soláthar an phlean póilíneachta seo amach trí oibriú i gcomhar leis an bPobal, an Garda Síochána agus ár ngníomhaireachtaí reachtúla chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú do chách.

Tá an Garda Síochána tiomanta dár n-oibleagáidí dualgais dhearfaigh seirbhíse poiblí faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus rachaimid i ngleic leo in 2023 trí thionscnaimh a bhaineann lenár straitéis éagsúlachta agus ionchuimsithe, ár mbeartas um choireacht fuatha agus ár n-acmhainneacht um chearta daonna a fhorbairt.

*Patrick McMenamin*

P. McMenamin, Ard-Cheannfort

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Roinn – Glaoigh i gcónaí ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Guthán |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort Lennon** | Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais | 24 uair an chloig | 016668000 |
| **An Bleachtaire Ceannfoirt Murphy** | Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais | 24 uair an chloig | 016668000 |
| **An Ceannfort Mulligan** | Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais | 24 uair an chloig | 016668000 |
| **An Ceannfort Brennan** | Stáisiún Gardaí Shráid Mhic Giobúin | 8am – 9pm | 090 6630252 |
| | Stáisiún Gardaí Mhuinseo | 24 uair an chloig | 016668600 |
| **An Ceannfort O'Brien** | Stáisiún Gardaí Bridewell | 24 uair an chloig | 016668200 |
| Is féidir teacht ar **Oifigigh Éagsúlachta** don Roinn trí ghlaoch ar: 016668000 | | | |
| Is féidir teacht ar **Oifigigh Choiscthe Coireachta** don Roinn trí ghlaoch ar: 016668000 | | | |
| Is féidir teacht ar **Chigirí Imeaglaithe Bainteach le Drugaí** don Roinn trí ghlaoch ar: 016668000 | | | |

# 1. An Pobal

Leanúint le ceangail a neartú le pobail, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine a choimeád sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Oibriú i gcomhar, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, agus réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí pobail á bhforbairt | Cuirfear oiliúint i ndea-chleachtas ar Phearsanra an Gharda Síochána. Déanfar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara pobail ar bhonn rialta. Tá aithne agus iontaoibh ag pobail sa Roinn ar agus as a nGardaí áitiúla. Leanfaidh an Roinn ag dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla maidir le hiompar frithshóisialta. Léireofar sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail muinín agus iontaoibh lena gcomhalta Garda áitiúil. |
| 1.2 Seirbhís póilíneachta a sholáthar a aithníonn éagsúlacht na ndaoine ar a bhfreastalaímid | Braithfidh pobail éagsúla go dtuigtear iad agus beidh muinín acu go bhfuil pearsanra áitiúil an Gharda Síochána ag gníomhú de réir a sárleasa. Beidh eolas méadaithe ag pearsanra an Gharda Síochána ar dhúshláin a bhíonn roimh phobail éagsúla, éisteacht le agus oibriú le grúpaí éagsúlachta a chuireann sábháilteacht agus imeascadh chun cinn. |
| 1.3 Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile leis an díobháil a chomhrac a chruthaigh mangaireacht drugaí i bpobail | Cosnaítear teaghlaigh ó imeaglú. Cuirtear eolas ar fáil ar thacaíocht do mhí-úsáideoirí drugaí. Rachfar i mbun beart chun cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí a dhéanann creach ar ár bpobal. Feasacht agus tuairisciú ar Imeaglú Bainteach le Drugaí (DRI) a mhéadú agus muinín a fhorbairt le gníomhaireachtaí ábhartha. |

## 1. An Obair a dhéanaimid go Rialta leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cruinnithe Comhchoistí Póilíneachta | |
| Cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail | |
| Pleanáladh teagmháil a dhéanamh le grúpaí tacaíochta Éagsúlachta | |
| Cuireadh imeachtaí éagsúlachta ar bun nó freastalaíodh orthu | |
| Pleanáladh teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara pobail | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| gníomhaireachtaí comhpháirtíochta a fhostú chun rioscaí agus daoine leochaileacha a shainaithint | |
| Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NEIC | |
| Cuireadh imeachtaí óige ar bun nó freastalaíodh orthu | |
| Cláir Scoileanna | |
| Idirchaidreamh le grúpaí faire pobail agus grúpaí faire gnólachtaí nó iad a bhunú | |

# 2. Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach

Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach le coireacht, treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhiniciíochta chun dul i ngleic le treochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn | Cuirfear na freagairtí cuí i bhfeidhm lenár bpobal a chosaint agus ár seirbhís d'íospartaigh na coireachta a fheabhsú, a mhéadaíonn feasacht agus a fheabhsaíonn muinín as tuairisciú. |
| 2.2 Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe | Leanfaidh aonaid náisiúnta i mbun fairsingiú agus lena líonra páirtithe leasmhara a fhorbairt chun tacú leis an roinn seo. Scaipfear comhairle cothrom le dáta um chosc na coireachta ar fud na Roinne. Comhaltaí a spreagadh chun tabhairt faoi Theastas Iarchéime i gCalaois agus Imscrúdú na Ríomhchoireachta. |
| 2.3 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht i gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Sainaithneofar grúpaí coireachta eagraithe (OCGanna) agus gníomhófar ina leith i gcomhoibriú le Comhpháirtithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Eolas agus feasacht mhéadaithe i measc chomhaltaí uile an Gharda Síochána ar spriocanna ábhartha OCG. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Tugtar faoi phatróil sa Roinn | |
| Scaiptear meáin um chosc ar choireacht | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Monatóireacht ar threochtaí coireachta |
| Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána |
| Oiliúint curtha ar líon pearsanra |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oiliúint ar dhea-chleachtas | |
| Tugtar faoi phatról ceilte sa Roinn | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Aiseolas ón bpobal, i.e. NEIC, LCSP, JPC |
| Cigireachtaí á ndéanamh |

## 3. Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go dtugtar an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí do gach íospartach a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus díriú ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Leanfaidh an Roinn le hidirchaidreamh a dhéanamh le gach íospartach. Tabharfar tacaíocht bhreise d'íospartaigh tríd an Oifig Roinne d'Íospartaigh. Cuirfear glaoch ar ais ar íospartaigh na drochíde sa teaghlach agus cuirfear freagairtí ar fáil trí Chomhordaitheoirí Drochíde sa Teaghlach Comhordaitheoirí (DACanna) agus trí 'Caomhnaigh'. Méadóidh tacaíocht agus idirghabháil ardchaighdeáin muinín as tuairisciú. |
| 3.2 Córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do gach saghas coireachta, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht | Bunaithe ar aiseolas ar ár seirbhís agus dea-chleachtas a sainaithníodh, leanfaimid le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ar thacaíocht d'íospartaigh áitiúla. Tabharfaidh an Roinn faoi thomhas torthaíbhunaithe, forbrófar tuiscint níos doimhne ar bhacainní in imscrúdú, a thacóidh le feabhsúcháin ar chleachtas, beartas agus tacaíocht d'íospartaigh. |
| 3.3 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Ár n-infheictheacht ardleibhéil a chothú agus a lorg feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí thionscnaimh ard-infheictheachta agus feachtais spriocdhírithe oideachais agus forfheidhmithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmhálacha in aghaidh an íospartaigh | |
| Litreacha tosaigh chuig íospartach a seoladh | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Measúnuithe ar íospartaigh a rinneadh laistigh de 3 lá | |
| Teagmhálacha in aghaidh an íospartaigh a cuireadh i dtaifead agus a ndearnadh monatóireacht orthu | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Idirchaidreamh le bail den phobal | |
| Laethanta Gnímh Ilghníomhaireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre | |
| **Príomhtháscaire** | |
| FMSanna a eisíodh tríd an Aip Shoghluaisteachta | |
| Athghlaonna ar chásanna drochíde sa teaghlach laistigh de 7 lá | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a dhaoine a chosaint ón sceimhlitheoireacht agus bagairtí ar a shárleasanna.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Leanúint den Phlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm a neartaíonn inniúlacht slándála agus faisnéise an Gharda Síochána | Páirt a ghlacadh i gcur chuige uile-rialtais i leith shlándáil an Stáit. |
| 4.2 Ullmhacht d'éigeandálaí móra a chinntiú trí oiliúint, forbairt leanúnach feasachta sa Gharda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Tabhair faoi chleachtaí boird le heolas áitiúil a mhéadú ar a chur i bhfeidhm féideartha ar phlean idirghníomhaireachta i gcás móréigeandála. |
| 4.3 Tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaireachtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht go réamhghníomhach | Leanfaidh an Roinn le daoine aonair, láithreáin nó imeachtaí ardriosca a shainaithint agus bearta réamhchúramacha a fhorbairt, a rachfar i ngníomh ina leith mar is gá |

## 5. Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe

Cultúr feabhsaithe leanúnaigh a spreagadh agus a chothú, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm. | Tá foirne ullmhachta ag oibriú leis an eagraíocht níos fairsinge le tionscadail nua a chur i bhfeidhm a thacaíonn le próisis riaracháin a dhigitiú, pearsanra an Gharda Síochána a chur ar fáil chun filleadh ar dhualgais túslíne agus maoirseacht a fheabhsú. Tacóidh pearsanra ainmnithe chomh maith le heitic chomhroinnte eolais agus le breithnithe ceart daonna i ndualgais oibríochtúla. |
| 5.2 Teacht chun cinn i dtreo stát na todhchaí don Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint, lena mbuntacaíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | mó túslíne comhaltaí an Gharda Síochána a bheith ar fáil do dhualgais oibríochtúla. Cultúr Ceart Daonna a leabú laistigh den RCBÁC Thuaidh-Lár. Beidh an tacaíocht ag an bpearsanra do phóilíneacht faoi stiúir faisnéise trí úsáid mhéadaithe a bhaint as trealamh digitithe. |
| 5.3 Cur le cleachtais reatha inbhuanaithe sa Gharda Síochána trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil, atá ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, a fhorbairt | Éireoidh Roinn RCBÁC Thuaidh-Lár níos feasaí ar an gcomhshaol, lena dtacóidh gluaisteáin phatróil leictreacha a úsáid agus úsáid mhéadaithe a bhaint as rothair phatróil. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Is mór don Gharda Síochána luachanna a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Ár n-acmhainn a fheabhsú Acmhainní Daonna, Oiliúint, tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha cuí a sholáthar, a chuireann ar chumas ár bpearsanra an rath a bhaint amach ina ról | Tá an oiliúint, an t-eolas agus na tacaíochtaí cuí ag pearsanra an Gharda Síochána a theastaíonn uathu. |
| E1.2 Tacaíocht bhreise a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh shláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ar aon dul le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Tacófar leis an bpearsanra trí phiarthacaíocht a spreagadh, agus titeann cruinnithe rialta an choiste leasa amach le buarthaí a shainaithint agus dul i ngleic leo. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a spreagadh chun gnímh agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ag oibriú le comhpháirtithe le feabhas a chur ar ár gcur chuige ildisciplíneach | Feasacht ar shaincheisteanna áitiúla a sainaithníodh agus a ndeachthas i ngleic leo trí idirchaidreamh leanúnach le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, agus daoine a choimeád sábháilte. |
| E2.2 Deiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt do chomhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Oibriú le comhpháirtithe sa phobal le cur chuige ildisciplíneach a shainaithint. Leanúint le clár píolótach fhóram sábháilteachta an phobail áitiúil, an comhchoiste beartais fairsingithe le hionadaithe ó ghrúpaí pobail éagsúla. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus idirchaidreamh soiléir dhá bhealach a fhorbairt trí chainéil nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Idirchaidreamh dhá bhealach a neartú le comhpháirtithe ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, éisteacht le riachtanais ár bpobal agus iad a thuiscint | Tuiscint mhéadaithe ar riachtanais agus buarthaí an phobail ar a bhfreastalaímid. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dóibh | Rannpháirtíocht iomlán a spreagadh ó thoradh an iniúchta cultúir, cruinnithe faisnéise agus ríomhfhoghlaim. Riachtanais chomhaltaí agus fhoireann an Gharda Síochána a thuiscint. Tacaíocht agus oiliúint a sholáthar do mhaoirseoirí túslíne. |

## Cumasóir 4: Cumasú agus Iontaoibh

Cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú atá bunaithe ar ionracas agus ar Chearta Daonna a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Iompar gairmiúil i measc phearsanra an Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú, a dhéanann cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú | Tá an tuiscint eiticiúil le feabhsú sa Roinn trí chur chuige atá struchtúrach i gcónaí i leith cinnteoireachta. Leanúint le hoiliúint a chur ar chomhaltaí mar Lucht Tacaíochta Ceart Daonna, tacú le feasacht ar bhreithnithe an dlí ceart daonna agus ar bhreithnithe éigeantacha. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochta an Gharda Síochána a thabhairt isteach | An tSamhail Oibriúcháin a thabhairt isteach go rathúil i RCBÁC Thuaidh-Lár. Riarachán a laghdú agus comhaltaí an Gharda Síochána a thabhairt ar ais go dualgais túslíne, agus feabhas á chur ar shainmhaoirseacht ar rialachas. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

Seirbhís faoi stiúir faisnéise a shaothrú, trí úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht faoi stiúir faisnéise a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, fíorú ár bhFíse Sonraí agus Teicneolaíochta a fhíorú | Tá tionscadail teicneolaíochta faisnéise á gcur i bhfeidhm sa Roinn a chumasaíonn rialachas níos éifeachtúla a dhéanamh ar acmhainní, imscrúduithe, agus tacú le bainisteoirí agus measúnú á dhéanamh ar agus freagairt do bhuarthaí sábháilteachta poiblí. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a dhéantar a bhailíochtú trí athbhreithniú seachtrach | Córas slán TF nach bhfuil teacht air ach ag an bpearsanra ábhartha.  Sonraí a fheabhsú a chabhróidh le póilíneacht faoi stiúir faisnéise. |

## Tacaíochtaí Breise a Aimsiú

| Saghas Tacaíochta | Ainm | Láithreán Gréasáin | Ríomhphost | Guthán |
|---|---|---|---|---|
| Comhlachtaí Pobail (NGO) | NEIC | www.neic.ie | neic@dublincity.ie | 01 222 6604 |
| | Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil | www.lcsp.ie | communitysafety@dublincity.ie | 01 2226551 |
| | ICON | www.iconnetwork.ie | info@iconnetwork.ie | (01) 836 6890 |
| | Coláiste Pobail Larkin | www.larkincommunitycollege.ie | larkinupdates@lcc.cdetb.ie | 01 874 1913 |
| | Tionscadal Forbartha Pobail an Phoirt Thuaidh | www.nwcdp.ie | | (01) 836 5399 |
| | Alone | www.alone.ie | hello@alone.ie | 0818222024 |
| | Comharchumann Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath | www.dublincitycommunitycoop.ie | info@dublincitycommunitycoop.ie | 01 855 7015 |
| | Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | www.iwa.ie | info@iwa.ie | 01 818 6400 |
| | Ionad Acmhainní Phobail Macro | www.macrocommunity.ie | info@macrocommunity.ie | 01 873 7000 |
| | Saoráid Áineasa Shráid Dhoiminic | www.dublincity.ie/residential/sports | | 01 878 3295 |
| | Idirchaidreamh Dlí agus Aisghabháil Chuidithe | www.aldp.ie | | 0852540442 |
| Tacaíocht d'Íospartaigh | Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light | www.beaconoflight.ie | beaconoflight@iolfree.ie | 01 4578700 |
| | Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt | www.vsac.ie | manager@vsac.ie | 01 8726785 / 087 2885521 |
| | Tacaíocht d'Íospartaigh Éireann | | victimsuppinfo@gmail.com | 01 4599511 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath** | www.drcc.ie | rcc@indigo.ie | 01 6614911<br>1800 778888 |
| | **Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath** | www.d12dvs.ie | admin@d12dvs.ie | 01 4002085<br>01 4002080 |
| **Tacaíocht Drugaí agus Andúile** | **Tionscadal Drugaí Ana Liffey** | www.aldp.ie | info@aldp.ie | 087 328 666 |
| | **Tionscadal SAOL** | www.saolproject.ie | admin@saolproject.ie | 01 855 3391 |
| | **Iontaobhas Peter McVerry** | www.Pmvtrust.ie | info@pmvtrust.ie | 01 823 0776 |
| | **Soilse, Plás Henrietta** | www.soilse.ie | soilsehp@hse.ie | 01 872 4922 |
| | **H.O.P.E** | www.hopehandson.com | management@hopehandson.com | 01 887 8404 |
| **Meabhairshláinte** | **MyMind** | www.Mymind.org | | (0818)500800 |
| | **Meabhairshláinte Spectrum - IFSC** | www.Mentalhealth.ie/ifsc | hello@mentalhealth.ie | 01 611 1719 |
| | **Ionad Oasis** | www.oasiscentre.ie | info@oasiscentre.ie | 01 836 4524 |
| | **Psychotherapy Dublin** | www.psychotherapydublin.ie | info@psychotherapydublin.ie | 01 6856375 |
| | **Ionad Bodymindself** | | | (0818) 200 250 |
| | **Samaritans** | www.samaritans.org | jo@samaritans.ie | 116 123 |
| **Tacaíocht Éagsúlachta** | **Under the Rainbow** | www.undertherainbow.ie | info@undertherainbow.ie | 01 5472161 |
| | **Outhouse, Baile Átha Cliath** | www.outhouse.ie | info@outhouse.ie | 01 873 4932 |
| | **Grúpa Fear Pósta Bhaile Átha Cliath** | | mmg@gayswitchboard.ie | 01 872 1055 |
| | **Seirbhís Sláinte Fear Aerach Bhaile Átha Cliath** | www.hse.ie/sexhealth.ie | hselive@hse.ie | 1850 24 1850 |
| | **Tacaíocht TENI** | www.teni.ie/supports | office@teni.ie | 01 873 3575 |
| **Tacaíocht don Óige** | **Óige an Phoirt Thoir** | www.eastwallyouth.ie | info@eastwallyouth.ie | 01 886 0074 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Seirbhís don Ógra Swan** | www.swanyouthservice.org | info@swanyouthservice.org | 01-8560945 |
| | **Seirbhís don Ógra Bradóg** | www.bradog.com | admin@bradog.com | 01 878 8375 |
| | **Club Óige Belvedere** | www.belvedereyouthclub.ie | belvedere@eircom.net | 01 8550282 |
| | **Obair d'Ógra Éireann** | www.youthworkireland.ie | | 01 858450 |
| | **YPAR** | www.ypar.ie | infoypar@gmail.com | 00-353 1 819 4779 |
| **Tacaíocht Airgeadais** | **Bernardos** | www.bernardos.ie | info@bernardos.ie | 01 4530355 |
| | **Tearmann Ban Theach Viva** | www.sonashousing.ie | helpline@saoirsewomensrefuge.ie | 01 4630000 |
| | **Cumann Naomh Uinseann de Pól** | www.svp.ie | nfo.east@svp.ie | 01 8550022 |

# Aguisín: An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **An Pobal -**<br>Leanúint le **ceangail a neartú** le pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le daoine a choimeád sábháilte. | • Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go bhfuil siad sásta le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann nach ndéileálann an GS le rudaí lena mbaineann tábhacht sa phobal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go n-éisteann an Garda Síochána le buarthaí daoine áitiúla.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach -**<br>**Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach** le coireacht, treochtaí coireachta nua **agus atá ag Teacht chun Cinn** ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach an choireacht go háitiúil<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhíonn buartha go bhféadfaí íospartach na Cibearchoireachta a dhéanamh díobh nó d'aon duine a chónaíonn leo.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhfuil eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta orthu.<br>• Comhréir na bhfreagróirí nach n-imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha.<br>• Comhréir na bhfreagróirí atá feasach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir freagróirí a luaigh gurbh íospartach an tsaghais chéanna choireachta iad roinnt mhaith uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar chearta daonna.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh coireacht a chomhrac.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann gur féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair. |
| **Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha -**<br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint** a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána. | • Comhréir na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás.<br>• Comhréir na n-íospartach a thug an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair na Gardaí go tapa maidir lena dteagmhas is déanaí nuair a tugadh an teagmhas le fios an chéad uair.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh go ndearna an Garda Síochána teagmháil leo tar éis gur tugadh an teagmhas is déanaí dá gcuid le fios. |
| **Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br>Cultúr **feabhsaithe leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine agus Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumasú agus Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise** | • Comhréir na bhfreagróirí a luann go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a chomhaontaíonn nó a chomhaontaíonn go tréan leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann iontaoibh idir mheánach agus ard le fios as an nGarda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
| | Cruinniú fíorúil |
| | Cruinniú i bPearsan |
| | Ar an nguthán |
| | Ar ríomhphost |
| | Sa phost |
| | Ar an raidió |
| | Ar an teilifís |
| | Trí na meáin shóisialta |
| | Feachtais Mheán |
| | Oiliúint |
| | Trí chórais chorparáideacha |
| | Gardaí i bpearsan |
| | Gardaí gnáthéadaí |
| | CCTV |
| | Ar chos |
| | Ar rothar |
| | Le gluaisteáin |
| | Ar ghluaisrothar |
| | Ar bhusanna |
| | Ar thraenacha |

